

## Sonraí agus seans: Sonraí – Moltaí maidir le heispéiris foghlama páistí

### Tá deiseanna ag an bpáiste...

Tuiscint a fhorbairt agus ceangail a dhéanamh

- fiosraigh sonraí sa gharthimpeallacht agus sainaithean a gcuid ábharthachta ina saol féin.
- úsáid scóir chun sonraí a bhaillú go tapa agus go cruinn.
- úsáid samhlaíochta sonraí éagsúla, m.sh., *picteagram*, *barrachairt*, *píchairt srl. chun an tacar sonraí céanna a léiriú agus chun an gaol idir na samhlaíochta a aithint.*
- úsáid sonraí chun údar a thabhairt d'argóintí nó do smaointe.
- sainaithean sonraí barrachais nó aithin nuair nach bhfuil sonraí ábhartha maidir le freagra a thabhairt ar cheist ar leith.



- fiosraigh smaointe faoi chritéir, déan iad a phlé agus éist leo chun tacair éagsúla a shórtáil.
- glac páirt i bpléití faoi thacair sonraí éagsúla agus labhair faoi na rudaí a chuireann spéis iontu.
- bíodh deiseanna agat tacair sonraí a thiomsaíonn siad a phlé agus anailís a dhéanamh orthu chun teacht ar chonclúidí agus réimsí spéise eile.
- úsáid teicneolaíocht dhigiteach chun sonraí a bhaillú, a eagrú agus a léiriú.



Cumarsáid a dhéanamh

Réasúnaíocht a dhéanamh

- mínigh agus tabhair údar dá gcúiseanna maidir le tréithe a rangáidí laistigh de thacair ar leith.
- déan tátail shimplí faoi thacair sonraí.
- úsáid tacair sonraí atá ann cheana féin chun ceisteanna nua a chur maidir le fiosrú a dhéanamh i leith úsáid a bhaint as an timthriall láimhseála sonraí.
- roghnaigh samhail ar leith chun tacar sonraí a léiriú agus údar a thabhairt dá rogha.
- déan anailís chriticiúil ar léirithe sonraí agus tú ag fiafraí faoin saghas faisnéise a léirítear agus nach léirítear.



- úsáid cur chuige timthriallach chun sonraí a láimhseáil.
- bain úsáid as sonraí chun anailís a dhéanamh ar fhadhb a bhaineann lena saolta féin agus mol réitigh fhéideartha dóibh.
- bíodh deiseanna agat comparáid a dhéanamh idir iltacair sonraí.
- cuir rogha agus cruthaitheacht i bhfeidhm maidir le modhanna bailithe agus léirithe sonraí.



Cur i bhfeidhm agus fadhbanna a réiteach